C/2024/7083

21.11.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11768 – TELIA COMPANY / CAPMAN AIFM / KOTIKUITU TARGET ASSETS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/7083)

1. An 13 Samhain 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Telia Company AB ('Telia', an tSualainn),

— CapMan AIFM Oy ('CapMan', an Fhionlainn), a bhaineann le CapMan Group (an Fhionlainn),

— Na sócmhainní snáithíneacha a bhaineann leis an ngnó Kotikuitu de chuid Telia Finland Oyj ('Sócmhainní Sprice Kotikuitu'), faoi rialú Telia.

Gheobhaidh Telia agus CapMan rialú comhpháirteach ar Shócmhainní Sprice Kotikuitu de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Soláthraíonn Telia seirbhísí teileachumarsáide fosaithe agus móibíleacha, seirbhísí leathanbhanda agus teilifíse sa tSualainn, san Fhionlainn, sa Liotuáin, san Eastóin agus sa Laitvia.

— Is bainisteoir cistí infheistíochta malartacha é CapMan laistigh de CapMan Group, ar cuideachta bainistíochta sócmhainní phríobháideach é atá gníomhach sa réigiún Nordach.

— Is éard atá i Sócmhainní Sprice Kotikuitu líonraí snáithíneacha éighníomhacha chun rochtain Idirlín fosaithe a sholáthar ar leibhéal mórdhíola san Fhionlainn faoin mbranda Kotikuitu de chuid Telia Finland Oyj.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11768 – TELIA COMPANY / CAPMAN AIFM / KOTIKUITU TARGET ASSETS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË